Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1477

23.7.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 130/2026**

**an 30 Aibreán 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/1477]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3169 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2282 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta le haghaidh comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ar leibhéal an Aontais ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 23d (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2745 ón gCoimisiún) de Chaibidil XIII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'23e. **32024 R 3169**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3169 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2282 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta le haghaidh comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ar leibhéal an Aontais (IO L, 2024/3169, 19.12.2024).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3169 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L, 2024/3169, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3169/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.